Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2022**
**(OR. fr)**

**7215/22**

**RECH 131**
**COAFR 77**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Formheas na Comhairle le haghaidh tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach (AE) agus an tAontas Afracach (AA) i ndáil le Clár Oibre comhpháirteach um Nuálaíocht<br>– Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil |

1. An 4 Márta 2022, chuir an Coimisiún in iúl don Mheitheal um Thaighde go raibh sé ar intinn aige dul i mbun caibidlíochta, thar ceann an Aontais, maidir le hionstraim neamhcheangailteach i ndáil le Clár Oibre comhpháirteach um Nuálaíocht idir an tAontas agus an tAontas Afracach, d'fhonn go nglacfaí é ag an gcruinniú aireachta idir an tAontas agus an tAontas Afracach maidir le taighde agus nuálaíocht atá beartaithe go luath in 2023[1].

2. Eascraíonn an fhorbairt atá á déanamh ar Chlár Oibre comhpháirteach um Nuálaíocht idir an tAontas agus an tAontas Afracach as na conclúidí ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2021 maidir leis an gCur Chuige Domhanda i leith taighde agus nuálaíochta agus tá sé d'aidhm aici tacú le hacmhainneachtaí taighde a fhorbairt agus le haschur taighde a aistriú go sochair shocheacnamaíocha agus chomhshaoil.

3. Tuigtear go rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis an gComhairle arís ag deireadh na caibidlíochta chun a iarraidh uirthi údarú a thabhairt dó maidir le síniú an Comhaontaithe Ardleibhéil thar ceann an Aontais.

[1] 6642/22

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a údarú don Choimisiún an Clár Oibre comhpháirteach um Nuálaíocht idir an tAontas agus an tAontas Afracach a chaibidil.